

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELIGE, EARRACH, 2024

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELIGE

PÁIPÉAR I – 100 MARC
(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí uair an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Ba chóir go mbeadh leabharlann, seomra ealaíne, halla gleacaíochta agus gairdín ag gach bunscoil.
- (b) Tá an timpeallacht i mbaol agus tá sé ró-dhéanach í a shábháil.
- (c) Caitheann páistí an iomarca ama ag féachaint ar scáileáin.
- (d) Tugann na Cluichí Oilimpeacha dea-shampla agus brionglóidí úra do dhaoine óga.
- (e) Tír gan teanga, tír gan anam.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I spent last week in the Connemara Gaeltacht. I derived enjoyment and benefit from the week. There were four of us in the house. I shared a room with one other person. We got on very well with each other. The woman of the house was very friendly. She was an excellent cook. The man of the house told us a lot of stories. He was a native speaker. We had classes each morning. We did pair-work, role-play, a small amount of grammar and some Irish dances. In the afternoon, we went walking or cycling. There were plenty of things to see. Connemara was very beautiful. We saw sandy beaches and high majestic mountains. We also visited the local museum. When the course ended I was looking forward to going home. Then, we had a family dinner on Easter Sunday and yesterday, I studied for my S.C.G.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. A teacher should be well-organised and enthusiastic.
 2. If my memory serves me correctly, the last film I saw was *The Miracle Club*.
 3. I watch *Fair City*. My favourite character is Carol.
 4. I would like to book a table for four at 7pm on Friday.
 5. It will be sunny tomorrow in the west of the country and it will be raining in the East.
 6. I like listening to music but I don't play a musical instrument.
 7. Children! Take off your coats and hang them on the rail.
 8. Eat up your lunch, Ciarán, and drink your milk!
 9. Would you prefer tea or coffee? I would prefer tea, please.
 10. My next door neighbour collects my youngest girl from the preschool every day.
- (15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

'Ba bhreá liom dul ar (saoire) go Dún na nGall an samhradh seo, a Cháit!' arsa Gearóid. 'Dún na nGall! Cén fáth? B'fhéarr liom féin dul go dtí an Iodáil!' a d'fhreagair Cáit. '(Feic) mé bróisiúr inné faoi na cúrsaí go léir a bhíonn ar siúl i nGleann Cholm Cille i rith (an samhradh) agus caithfidh mé a rá go raibh cuma an-spreagúil ar chuid acu. Bheadh sé go (aoibhinn) seachtain a (caith) ag cnocadóireacht le grúpa daoine,' arsa Gearóid. 'Bheadh, ach an bhfuil dearmad déanta agatsa ar an aimsir (i: Éire), a Ghearóid?' arsa Cáit. 'Níl, a Cháit, dá (bí) sé ag cur báistí nach bhféadfaimis ár (cótaí) báistí a chur orainn?' a d'fhreagair Gearóid. 'Tá brón (ar: mé)' arsa Cáit, 'ach bheadh sé i bhfad níos (taitneamhach) na laethanta saoire a chaitheamh in áit theolaí!'

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. (Brostaigh) a pháistí! Beidh sibh déanach don bhus!
2. Is as (Corcaigh) do m'aintín ó dhúchas.
3. Tá barr (an fhuinneog) dúnta agus tá an solas múchta.
4. Nach bhfuil dath (na bláthanna) sin go hálainn?
5. Tá Pádraig níos (ard) ná Eoin.
6. Chuaigh Mícheál síos an staighre agus tar éis tamaill tháinig sé (ó: thíos) arís.
7. (Inis: mé) an scéal go léir duit amárach.
8. Bíonn Caoileann ag taisteal timpeall (an tír).
9. Breithlá sona (do: tú), a Nóra!
10. An (téigh: sí) thar lear go minic?

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Breandán Ó Doibhlin

Curtha in oiriúint ó alt a foilsíodh ag:

<https://tuairisc.ie/breandan-o-doibhlin-scribhneoir-agus-smaointeoir-ildanach-ilteangach-ar-shli-na-firinne/>

Chuaigh an scoláire ildánach ilteangach, Breandán Ó Doibhlin, ar shlí na fírinne ar 19 Meán Fómhair, 2023. Bhí sé 92 bhliain d'aois. Ba as Tír Eoghain do Bhreandán Ó Doibhlin ó dhúchas agus tá sé áirithe i measc na scríbhneoirí agus na gcriticeoirí ba chumasáí agus ba nuálaí lena linn.

Fairsinge a chuid smaointeoireachta agus a chuid eolais a d'fhág gur dhuine de mhórscoláirí na tíre é, ach ba go humhal a roinn sé an tsaíocht sin. Ar na réimsí a shaothraigh sé, bhí an litríocht, cúrsaí teangacha agus foclóireachta, cúrsaí diagachta agus staire, réimsí ar fhág sé a rian orthu lena chuid foilseachán agus a chuid teagaisc. Chum sé úrscéalta agus drámaí agus b'aistritheoir den scoth é a chuir Gaeilge ar shaothar mhórscribhneoirí na Fraincise. Tá a chnuasaigh aistí áirithe ar chuid de na cinn is tábhachtaí agus is mó léargas sa Fhraincis.

Fuair sé a chuid meánscolaíochta i gColáiste Cholm Cille i nDoire, agus chuaigh sé ar an ollscoil i Maigh Nuad, sa Róimh agus sa Sorbonne i bPáras. Ceapadh ina Ollamh le Nua-Theangacha in Ollscoil Mhá Nuad é i 1958, post a bhí aige go dtí 1996. Bhí sé ina Leas-Uachtarán san ollscoil chéanna ó 1979 go 1982. Ceapadh ina *Recteur* ar Choláiste na nÉireannach i bPáras é i 1984, agus bhí sé ina Ard-Rúnaí ar an *Fondation Irlandaise* ó 1991 go 2001.

Bhí suim ar leith aige sa 17ú haois, tréimhse inar bearnaíodh saíocht na hÉireann agus inar briseadh ar institiúidí an tsaoil Ghaelaigh. Rinne sé machnamh fealsúnta ar chás an duine agus an chultúir Ghaelaigh ina chuid úrscéalta, aistí agus léirmheasanna. Chuir sé uirlisí foclóireachta nua-aimseartha ar fáil le foclóirí diagachta agus foclóirí comhfhocail agus le gluaiseanna de théarmaí litríochta.

Bhronn Poblacht na Fraince gradam *Chevalier de l'Ordre National du Mérite* air sa bhliain 1979, agus gradam *Officier de la Légion d'Honneur* sa bhliain 2001 as a shaothar ar son caidreamh cultúrtha a chothú idir an Fhrainc agus Éire.

In 2013, ba é an príomhcheiliúraí é ag Aifreann sochraide an fhile, Seamus Heaney.

Tá Breandán Ó Doibhlin curtha ina bhaile dúchais, An Goirtín i gContae Thír Eoghain.

1. Cathain a fuair Breandán Ó Doibhlin bás?
 2. Cén contae inar rugadh Breandán Ó Doibhlin?
 3. Cén áit i bPáras a raibh Breandán Ó Doibhlin ar an ollscoil?
 4. Cén fáth ar bronnadh onóir ar Bhreandán Ó Doibhlin sa bhliain 2001?
 5. Sa bhliain 2013, céard a rinne Breandán Ó Doibhlin do mhuintir Seamus Heaney?
- (10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Sinéad O'Connor

Curtha in oiriúint ó ailt a foilsíodh ag:

<https://tuairisc.ie/na-milte-cruinnithe-cois-cladaigh-i-mbre-le-slan-a-fhagail-le-sinead-oconnor/> agus ag: <https://tuairisc.ie/agus-i-ag-canadh-scread-si-chaoin-si-dimpigh-si-labhair-si-bhagair-si-mhol-si/>

Rugadh Sinéad Marie Bernadette O'Connor ar 8 Mí na Nollag 1966 agus fuair sí bás ar 26 Mí Iúil, 2023. B'amhránaí, cumadóir amhrán agus gníomhaí í i rith a saoil. Sa bhliain 1989 ainmníodh an chéad albam dá cuid, *The Lion and the Cobra*, do Ghradam Grammy don Taispeántas Rac-Cheoil is fearr. Ba é an t-aisteoir cáiliúil Billy Crystal a chuir i láthair í ag searmanas na bliana sin – shiúil sí go huaigneach amach ar an ardán, léi féin. Ag féachaint uirthi, cheapfá go raibh sí go hiomlán ina haonar. Bean bheag mhaol, le súile móra. Ach ansin, thosaigh an ceol agus thosaigh sí ag canadh – an t-amhrán *Mandinka* – scread sí in ard a cinn is a gutha, agus bhí cách faoi gheasa aici.

Eisíodh an t-amhrán *Nothing Compares 2 U* sa bhliain 1990, agus chuaigh sí i bhfeidhm ar an domhan mór. Dar le *Billboard*, ba é sin an t-amhrán ba mhó an bhliain sin, agus chuaigh sé go barr na gcairteacha ar fud na cruinne. Tá an físeán ceoil a cuireadh amach in éineacht leis an amhrán ar cheann de na físeáin is cáiliúla dá ndearnadh riamh – íomhánna di léi féin, ag canadh don lucht féachana, na deora léi ag buaicphointe an amhráin.

Ba mhínic a tharraing sí conspóid uirthi féin. Ar an gclár *Saturday Night Live* stróic sí grianghraf den Phápa Eoin Pól II, agus í ag fógairt go feargach “*Fight the real enemy!*” Ba thagairt é sin don drochíde a rinne an Eaglais ar pháistí, tráth nach ndearnadh mórán cainte faoi na heachtraí céanna. Ba dhuine cróga í i rith a saoil.

Scríobh sí a dírbheathaisnéis, *Rememberings*, sa bhliain 2021, agus rinneadh scannán faisnéise dá saol sa bhliain 2022.

Bhí cion mór ag pobal na hÉireann ar Sinéad O'Connor agus ar a ceol. I mí Iúil, 2023, chruinnigh na mílte cois cladaigh i mBre nuair a bhí a corp á aistriú go dtí láthair a hadhlactha. Stop an tsochraid lasmuigh den teach a mbíodh Sinéad ina cónaí ann ar feadh cúig bliana déag. Bhí ceol Bob Marley agus an t-amhrán ‘*Natural Mystic*’ le cloisteáil ó veain a bhí ar cheann na sochraide. Ag an tseirbhís phríobháideach, dúirt Príomh-Iomám Ionad Ioslamach na hÉireann, an Dr Umar Al-Qadri, gur fhulaing Sinéad O'Connor an-chuid cruatain le linn a saoil ach gur thug a cuid ceoil sólas mór do dhaoine ar fud an domhain.

1. Cén t-ainmniúchán a ghnóthaigh an chéad albam de chuid Sinéad O'Connor?
2. Cén cruth a bhí ar ghruaig Sinéad O'Connor nuair a chuir Billy Crystal i láthair í?
3. Conas a léirigh Sinéad O'Connor go ndeachaigh an t-amhrán, *Nothing Compares 2 U*, i bhfeidhm ar a mothúcháin?
4. Cén fáth ar stróic Sinéad O'Connor pictiúr den Phápa?
5. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh grá ag muintir na hÉireann do Sinéad O'Connor?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le Rólimirt ó thaobh Mhúineadh na Gaeilge de?

(b) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Ag Ordú Bia sa Bhialann,” comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltáí sna meánranganna nó sna ranganna sinsearacha. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 mharc)

9. (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:

- (i) mian a léiriú;
- (ii) ábaltacht a léiriú;
- (iii) athrá a lorg;
- (iv) leithscéal a ghabháil.

(b) Míniú conas a imrítear an cluiche teanga “Céard atá sa mhála?” agus tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí nuair a bhíonn an múinteoir ag ullmhú na bpáistí don chluiche agus nuair a bhíonn an cluiche á imirt.

(c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásaí seo a leanas: “brón,” “ag siúl,” “rialóir” agus conas a sheiceálfá gur thuig na páistí do mhínithe gan an cheist, “An dtuigeann tú?” a chur orthu?

(15 mharc)

10. (a) Míniú Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Lá ar an Trá” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltáí bunscoile sna meánranganna nó sna hardranganna.

(c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 mharc)